



An Bhruiséal, 27 Márta 2020
(OR. en)

7044/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0122(COD)

CODEC 221
TRANS 139
SOC 179

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le ceanglais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, sosanna íosta agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann le haimsiú suímh trí bhíthin tacagraf (an chéad léamh) – Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle a ghlacadh

1. An 31 Bealtaine 2017, chuir an Coimisiún an togra uaidh¹, atá bunaithe ar Airteagal 91(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 18 Eanáir 2018².
3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 1 Feabhra 2018³.

¹ 9670/17.

² IO C 197, 8.6.2018, lch. 45.

³ IO C 176, 23.5.2018, lch. 57.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019⁴.
5. An 20 Feabhra 2020, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an dréacht-Rialachán thuasluaite⁵.
6. An 20 Márta 2020, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe a mholadh go nglacfadh an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh a seasamh ar an gcéad léamh. Tá téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh⁶ ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.
7. In éagmais chruinnithe na Comhairle agus i bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn:
 - chun go nglacfar an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an dréachtrialachán ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le ceanglais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, sosanna íosta agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla agus Rialachán (AE) 165/2014 a mhéid a bhaineann le haimsiú suímh trí bhíthin tacagraf, mar a leagtar amach in 5114/20 agus an ráiteas ar chúiseanna, mar a leagtar amach in 5114/20 ADD 1.

⁴ 7731/19.

⁵ I gcomhréir leis an litir dar dáta an 23 Eanáir 2020 a sheol Uachtarán Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht Parlaimint na hEorpa chuig Uachtarán COREPER, ba cheart do Parlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air.

⁶ 5114/20 + ADD 1.